

Seasamh oscailte

Oifigeach Doiciméadaithe, Rannóg Seaniarsmaí na hÉireann

Coimeádaí Cúnta Grád II, Lánaimseartha, Bliain amháin, Téarma Seasta,
Post

—
Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2; Sord, Contae Bhaile Átha Cliath; agus suíomhanna
NMI eile de réir mar is gá

Spriocdháta le haghaidh Iarratais

Aoine 12 Meán Fómhair 2025

...

Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha. Cloífead leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta.

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post **Oifigeach Doiciméadaithe (Coimeádaí Cúnta Grád II) a bhfuil freagracht air as bailiúcháin Seaniarsmaí na hÉireann** a líonadh agus beidh an post lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2; Sord, Contae Bhaile Átha Cliath; agus suíomhanna NMI eile de réir mar is gá. Is conradh téarma seasta bliana amháin é seo. Beidh agallaimh oscailte iomaíocha á reáchtáil chun an post seo a líonadh.

Freagrachtaí an Phoist

Tá an tOifigeach Doiciméadaithe freagrach as sonrú chaighdeán sonraí an Ard-Mhúsaem maidir le réada sna bailiúcháin a dhoiciméadú agus as cur i bhfeidhm agus rialú cáilíochta na gcaighdeán seo i gcórais oibríochtúla. Oibreoidh an t-oifigeach faoi mhaoirseacht an Riarthóra Córas Bainistíochta Bailiúchán/Ceannaire na Foirne Doiciméadaithe agus leis an bhfoireann choimeádaíochta ábhartha ar nósanna imeachta bainistíochta agus clárúcháin bailiúchán agus beidh sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar aon aistriú nó fáil bailiúchán lena n-áirítear taisceadh fionnachtana ó sheandálaíocht tráchtála. Comhoibreoidh an tOifigeach Doiciméadúcháin, bailiúchán Seaniarsmaí na hÉireann le foireann geallsealbhoirí lena n-áirítear na hoifigigh doiciméadúcháin eile, an Leabharlannaí, an Cartlannaí, comhghleacaithe coimeádaithe agus Riarthóir Córas Bainistíochta Bailiúchán Ard-Mhúsaem na hÉireann chun comhsheasmhacht a chinntiú i gcaighdeán sonraí agus i gcur chuige catalógúcháin in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Déanfaidh an tOifigeach Doiciméadúcháin maoirseacht ar bhainistiú na n-iasachtaí uile isteach agus amach as Rannán Seaniarsmaí na hÉireann. Beidh an tOifigeach Doiciméadúcháin freagrach as cúnamh a thabhairt maidir le planáil, monatóireacht agus seachadadh stórais agus limistéar stórla nua ar fud láithreáin NMI chun tacú le tionscadail chaipitil ag NMI. Beidh ar an Oifigeach Doiciméadúcháin páirt a ghlacadh i bhforbairt beartas, caighdeán agus nósanna imeachta do gach gné de dhoiciméadú bailiúcháin freisin.

TREORACHA AN IARRATAIS

Cuirtear iarratais isteach ar an gcuid folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Is gá d'iarratasóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chlúdaigh a chur isteach. **Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.**

Ní mór don fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

Céimeanna le clárú:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin AMÉ chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach Folúntais, aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an seiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

•

Cuir **ríomhphost bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

Spriocdháta le haghaidh Iarratais

**Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00
Faoi Dé hAoine an 12 Meán Fómhair 2025**

Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha. Cloífeadh leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú ina thoradh ar chanbhasáil.**